An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0003/2023**

**Chuig: Údaráis Bainistíochta Scoileanna Aitheanta Bunleibhéil, Dara Leibhéal, Pobail, agus Cuimsitheacha, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Leasú ar an Scéim Iasachta do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Mar gheall ar athruithe reachtaíochta, cuireann an Nóta Faisnéise seo fostóirí ar an eolas faoi leasú ar Chiorclán 0029/2018 dar teideal *'Scéim Iasachta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'.*

1.2 Ba cheart an méid atá sa Nóta Faisnéise a chuir i bhfeidhm láithreach bonn agus ba cheart é a leamh in éineacht le Ciorclán 0029/2018.

## 2. Socruithe Iasachta

2.1 Leasaítear Alt 5.3 d) de Chiorclán 0029/2018 mar seo a leanas:

*Déantar Iasachtaí do Stiúrthóirí Ionad tacaíochta Oideachais a rialú ag Ionstraimí Reachtúla a cruthaíodh faoi Alt 37 den Acht Oideachais 1998, agus beidh tús áite ag a leithéid d'Ionstraimí Reachtúla atá i bhfeidhm i ngnóthaí a bhaineann leis an méid a leanas ach nach bhfuil teoranta dóibh sin amháin:*

- *Incháilitheacht*
- *Fad na hiasachta*

2.2 Le haghaidh faisnéis a fháil maidir leis na hIonstraimí Reachtúla faoi Alt 37 den Acht Oideachais 1998, féach Aguisín A den Nóta Faisnéise seo.

## 3. Nóta Faisnéise a Scaipeadh

3.1 Cinntigh go scaiptear an Nóta Faisnéise seo do gach ball den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird múinteoirí uile atá fostaithe agat ar an méid atá ann, agus iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

3.2 Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.gov.ie

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**Rannán Téarmaí & Coinníollacha do Mhúinteoirí/CRSanna**
**17ú Aibreán 2023**

**Aguisín A**

## Ionstraimí Reachtúla

Is iad na hIonstraimí Reachtúla faoi Alt 37 den Acht Oideachais 1998 atá i bhfeidhm faoi láthair:

*(a)* *Ionstraim Reachtúil Uimh. 394/2017 - Rialacháin um Ionaid Tacaíochta Oideachais (Stiúrthóirí a Cheapadh agus a Thabhairt ar Iasacht)*

*(b)* *Ionstraim Reachtúil Uimh. 281/2018 - Rialacháin um Ionaid Tacaíochta Oideachais (Stiúrthóirí a Cheapadh agus a Thabhairt ar Iasacht) (Leasú) 2018*

*(c)* *Ionstraim Reachtúil Uimh. 125/2023 - Rialacháin um Ionaid Tacaíochta Oideachais (Stiúrthóirí a Cheapadh agus a Thabhairt ar Iasacht) (Leasú) 2023*